

# An Tionchar a Bhíonn ag Saintréithe

## Aeráide ar Fhorbairt Gheilleagrach | Freagra

### Samplach

## Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.

**(2016 C24)**

Bíonn éifeacht as cuimse ag an aeráid ar gach réimse den fhorbairt gheilleagrach. Sa fhreagra seo, pléifidh mé an tionchar a bhíonn ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach phríomhúil i bhfoirm talmhaíochta agus forbairt gheilleagrach threasach i bhfoirm na turasóireachta.

### **Saintréith 1 - Saintréithe deacra ar an talmhaíocht**

Is é an chéad ghné a phléifidh mé ná an tionchar a bhíonn ag saintréithe aeráide deacra ar fhorbairt talmhaíochta. Is féidir na haeráidí seo a aimsiú in áiteanna atá ar imeall aeráid theomheasartha mhuirí nó aeráid fhionnuar mhuirí.

Is féidir aeráid a shainiú mar dhálaí aimsire i réigiún thar thréimhse fhada; breis is 35 bliain. Rialaíonn an aeráid suíomh agus táirgiúlacht na ngníomhaíochtaí talmhaíochta ar fad.

Bíonn tionchar ag an aeráid ar an talmhaíocht tríd an mbáisteach, tríd an teocht agus trí dhálaí eile. Bíonn tionchar ag cineál, déine, dáileadh agus iontaofacht na báistí ar tháirgeadh talmhaíochta i réigiúin ar fud an domhain.

Ar an gcaoi chéanna, socraíonn teocht cé chomh fada is a mhaireann an séasúr fáis. Bíonn tionchar díreach ag an aeráid ar an gcineál talmhaíochta is féidir a dhéanamh in áit ar leith. Rialaíonn an aeráid na cineálacha barr is féidir a fhás agus an stíl feirmeoireachta a chleachtar in áit.

Feictear feirmeoireacht leorchothaitheach go fairsing i réigiúin ina bhfuil dálaí aeráide deacra ann, áiteanna ina mbíonn an táirgiúlacht íseal ann in aghaidh an heicteáir. Tá sé seo le feiceáil in Iarthar na hÉireann, réigiún ina raibh an-tionchar ag an aeráid ar fhorbairt na talmhaíochta.

Tá aeráid Réigiún an Iarthair, cosúil leis an gcuid eile d'Éirinn, aigéanach measartha fionnuar. Tá an aeráid séimh agus fliuch i rith na bliana, agus bíonn an aimsir an-ghaofar freisin. Tá nasc díreach idir an aeráid seo agus an phríomhghaoth, an ghaoth aniar aneas agus na lagraigh tosaigh, a gcuirtear iallach orthu ardú thar imeallbhord sléibhtiúil an Iarthair.

Cruthaíonn na lagraigh seo báisteach rilífe, go háirithe thar na sléibhte. Is féidir le frasaíocht a bheith níos airde ná 1,500 agus 2,000 mm in aghaidh na bliana, le níos mó ná 250 lá báistí sa bhliain, i bhfad níos mó ná cósta thoir na hÉireann.

Bíonn ithreacha sa réigiún seo móinteach agus síorfliuch mar gheall ar an mbáisteach ó cheann ceann na bliana agus rilíf shléibhe an réigiúin. Níl na hithreacha seo an-torthúil agus tá limistéir mhóra bratphortaigh i réigiún an Iarthair.

Cuireann an bháisteach throm isteach ar fhorbairt na talmhaíochta sa réigiún. Mar thoradh air sin, tá táirgeadh feirme i réigiún an Iarthair bunaithe ar fheirmeoireacht thréadach, go háirithe caoirigh sna ceantair shléibhe agus eallach ar an talamh níos ísle.

Níl mórán talaimh sa réigiún atá oiriúnach don churaíocht. Ar an gcaoi chéanna, bíonn feirmeoireacht caorach le feiceáil ar scála mór ar Oileáin Fháclainne mar gheall ar an aeráid mheasartha fionnuar a mbíonn an-tionchar ag an Aigéan Atlantach uirthi, agus na hithreacha ar dhroch-chaighdeán sa réigiún nach bhfuil brabúsach.

Bíonn tionchar diúltach ag an aeráid freisin ar tháirgeadh talmhaíochta in aeráid theomheasartha Mezzogiorno san Iodáil. I rith an tsamhraidh bíonn tionchar ag gaotha sireacó ar an réigiún seo, a shéideann aníos ón Sahára. Bíonn na gaotha seo is cúis le triomach sa réigiún. Ní féidir brath ar an bhfrasaíocht sa réigiún. Mar thoradh air sin, tá an talmhaíocht sa Mezzogiorno neamhthorthúil i roinnt áiteanna.

## Saintréith 2 - Saintréithe dearfacha ar an talmhaíocht

Is é an dara gné a phléifidh mé ná an tionchar a bhíonn ag tréithe aeráide dearfacha ar fhorbairt talmhaíochta. Is gnách go bhfeictear dianfheirmeoireacht i réigiúin ina bhfuil na dálaí aeráide oiriúnach don talmhaíocht, áiteanna ina mbíonn táirgeacht ard ann in aghaidh an heicteáir. Is gnách go mbíonn na réigiúin seo le fáil i gcriosanna measartha an domhain, áiteanna ina mbíonn an aimsir seasmhach den chuid is mó, m.sh. réigiúin aigéanacha measartha fionnuar.

Tá sé seo le feiceáil timpeall ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) in Éirinn. Tá éagsúlacht de dhianthalmhaíocht tráchtála in MBÁC. Tá feirmeacha arúla atá ag fás cruithneachta idir mhór agus bhrabúsach. Táirgeann siad beagnach 12% de bharr cruithneachta na hÉireann.

Is toisc thábhachtach í an aeráid a rialaíonn táirgiúlacht na talmhaíochta sa réigiún seo. Tá aeráid an réigiúin seo measartha fionnuar, ach tá an réigiún seo níos teo agus níos tirime ná Iarthar na hÉireann.

Bíonn níos lú báistí ann agus is gnách go dtiteann sí go cothrom i rith na bliana, le níos lú báistí sa samhradh. Titeann 554 mm báistí ar an meán sa bhliain, agus cabhraíonn sé seo le fás barr agus le forbairt ithreach.

Is annamh a bhíonn sioc ann mar gheall ar thionchar Mhuir Éireann; rud a chiallaíonn go mbíonn an séasúr fáis níos faide. Tá thart ar 20 lá fáis sa bhreis in MBÁC ná in Iarthar na tíre.

Tá croí-limistéar eile, Imchuach Pháras, atá ar cheann de na réigiúin talmhaíochta is torthúla san Eoraip. Cuireann na dálaí aeráide le forbairt rathúil an réigiúin.

Tá an Aeráid Mhuirí Mheasartha Fionnuar agus an Aeráid Idirthréimhseach / Ilchríochach oiriúnach d'fhás barr toisc nach bhfuil mórán difríochta (raon) sa teocht.

Bíonn meánteocht an tsamhraidh idir 19-16°C. Bíonn sé seo oiriúnach d'fhás arbhair. Tugtar 'gráinseach na Fraince' ar an réigiún seo mar go dtarlaíonn 60% de tháirgeacht arbhair na Fraince anseo.

Táirgeann imchuach Pháras 54 milliún tonna gránach gach bliain. Is ionann cruithneacht agus 58% de na barra go léir a fhástar. Táirgtear cuid de na fíonta is fearr ar domhan sa réigiún seo, go háirithe sa réigiún 'Champagne' atá soir ó Pháras.

Ligeann an aeráid freisin do thionscal déirí atá an-rathúil i gceantair ar nós Brie, áit a ndéantar

cáis a bhfuil cáil dhomhanda uirthi. Cabhraíonn an t-uasmhéid báistí san earrach agus sa samhradh leis seo, a fhásann na féara a theastaíonn ón eallach.

### **Saintréith 3 - tionchar ar an turasóireacht**

Is é an tríú gné a phléifidh mé ná an tionchar a bhí ag saintréithe aeráide ar ghníomhaíocht gheilleagrach na turasóireachta i réigiún na Meánmhara san Eoraip. Féadann aeráid Mheánmhuirí go leor cuairteoirí a mhealladh chuig réigiúin a mbíonn an aeráid seo acu.

Tugann breis agus 220 milliún turasóir cuairt ar an Meánmhuir gach bliain agus is gníomhaíocht thábhachtach gheilleagrach í an turasóireacht i go leor tíortha sa Mheánmhuir. Dar leis an Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta; faigheann an Mheánmhuir 1/3 den ioncam a fhaightear ó thurasóireacht idirnáisiúnta ar fud an domhain.

I measc na gceann scríbe turasóireachta is mó éilimh sa Mheánmhuir tá Costa Brava sa Spáinn, Côte D'Azur sa Fhrainc, Cósta Aidriadach na hIodáil agus na hOileáin Bhailéaracha.

Bíonn tionchar ag an aeráid ar fhorbairt na turasóireachta sa Mheánmhuir. Tá aeráid aigéanach theomheasartha (aeráid Mheánmhuirí) sa réigiún.

Bíonn na samhraí te agus tirim le spéartha soiléire gan scamall agus teocht idir 25°C agus 35°C. Bíonn na geimhrí níos fuair agus níos fliche; é sin ráite, bíonn an mheánteocht idir 10-12°C.

Aithníodh an aeráid mar an toisc is mó a imríonn tionchar ar rogha daoine maidir le ceann scríbe turasóireachta. Tagann formhór na dturasóirí go dtí an Mheánmhuir ó Thuaisceart agus Iarthar na hEorpa. Teastaíonn ó na daoine seo éalú ó na teochtaí fuara agus níos mó uaireanta an chloig gréine a fháil.

Is í an aeráid an chúis is mó a mheallann cuairteoirí chuig an Meánmhuir. Taistealaíonn daoine go dtí an Mheánmhuir le laethanta saoire grianmhara a bheith acu cois farraige. Ligeann an aeráid seo don scíth agus do mheascán de spóirt uisce agus spóirt faoin spéir.

Tá aeráid na Meánmhara éagsúil leis an aimsir fhliuch athraitheach i dTuaisceart na hEorpa. Rialaíonn an aeráid na cineálacha gníomhaíochtaí turasóireachta atá ar fáil sa réigiún. Meallann na gníomhaíochtaí a bhaineann le saoire cois trá líon mór turasóirí chun na Meánmhara.

Tarlaíonn an chuid is mó den turasóireacht i rith mhíonna an tsamhraidh nuair a bhíonn an aimsir níos fearr i.e. Meitheamh, Iúil agus Lúnasa. Bíonn níos mó ná 300 lá gréine sa réigiún seo.